Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

RFC

# CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

## Óglaigh na hÉireann - Clárú mar Thoghthóirí

Ní féidir le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ach vóta a chaitheamh tríd an bpost. Má bhíonn tú 18 bliana d'aois nó níos sine an 15 Feabhra seo chugainn, comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil agus seol ar ais chuig d'údarás clárúcháin í roimh an 25 Samhain. Má tá cónaí ort ar áitreabh míleata, is féidir leat clárú ag an áitreabh sin nó ag do sheoladh baile.

**Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Uimh. Seirbhíse: | | | | | | | |
| 2. | Céim: | | | | | | | |
| 3. | Ainm: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| 4. | Dáta Breithe: | | | | | | | |
| 5. | Aonad: | | | | | | | |
| 6. | Cuir (√) **i mbosca amháin** , le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú: | | | | | | | |
| | • Saoránach d'Éirinn | ☐ | • saoránach Briotanach | ☐ | | | | |
| | • náisiúnach de Bhallstát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe) | ☐ | • náisiúnach de thír neamh-AE | ☐ | | | | |
| 7. | Tabhair an seoladh a raibh gnáthchónaí ort ann an 1 Meán Fómhair i mbliana: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 8. | Más áitreabh míleata an seoladh a thugtar ag 7 thuas agus más mian leat a bheith cláraithe ag do sheoladh baile, tabhair do sheoladh baile: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 9. | Más seoladh baile atá tugtha agat i 7 nó 8, tabhair le fios trí tic (√) a chur sa bhosca cuí má bhí aon duine den ainm céanna, a bheidh 18 bliana d'aois nó níos sine an 15 Feabhra seo chugainn, ina chónaí ag an seoladh sin an 1 Meán Fómhair i mbliana: | Bhí ☐<br>Ní raibh ☐ | | | | | | |

| 10. | **An Clár faoi Eagarthóireacht:**<br>Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√) sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm: | Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm<br>☐ |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| Síniú an Iarratasóra: | |
| Dáta: | |
| Uimhir theileafóin i rith an lae/<br>Uimhir Fóin Póca: | |
| Ríomhphost: | |

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFC

### Óglaigh na hÉireann - Clárú mar Thoghthóirí

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann ar mian leo clárú mar phostvótálaithe. Tá an fhoirm seo le húsáid sa tréimhse ó 1 Meán Fómhair go 25 Samhain gach bliain i leith chlár na dtoghthóirí a thiocfaidh i bhfeidhm an 15 Feabhra ina dhiaidh sin. Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte ag an údarás clárúcháin (an Chomhairle Cathrach, an Chomhairle Contae, agus an Chomhairle Cathrach agus Contae) a bhaineann leis an gceantar ina bhfuil tú ag clárú faoin 25 Samhain in aon bhliain áirithe.

2. **Eircode**
   Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

3. **An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár**
   Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den Chlár a fhoilsiú – an Clár iomlán agus an Clár faoi eagarthóireacht. Sa Chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

   Sa **chlár faoi eagarthóireacht**, faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√) a chur isteach sa **bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm**. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit (√) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

4. **Mionsonraí teagmhála**

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

5. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.